



Príomhathruithe Leasa Shóisialta agus Rátaí Íocaíochta

Buiséad 2013

Joan Burton T.D., Aire Coimirce Sóisialaí

Caithfear breis is €20.26 billiún ar Choimirce Shóisialach sa bhliain 2013

Spárálfar €390 milliún sa bhliain 2013, in ionad €540 milliún

Caithfear €30 milliún eile ar chláir fostaíochta agus ar leanaí

Ní ghearrfar an ráta seachtainiúil in aon bhuníocaíocht ná pinsean leasa shóisialaigh i gcás 1.4 milliún daoine

Ní dhéanfar athrú ar bith ar na scéimeanna Liúntas Breosla, Saorthaistil ná Saorcheadúnas Teilifíse

Leanaí

- Ráta Sochar Linbh de €130 sa mhí a bheidh ann ó Eanáir 2013 i gcás an chéad, an dara agus an tríú linbh.
- Laghdófar an Liúntas Éadaí agus Bróg don Scoilbhliain Nua de €50.
- Aistrefar €14 milliún sa bhliain ón Roinn Coimirce Sóisialaí go dtí an Roinn Gnóthaí Leanaí agus Óige chun breis is 6,000 áit pháirtaimseartha a sholáthar tar éis na scoile do leanaí tuismitheoirí ar ioncam íseal atá ag obair.
- Cuirfear €2 mhilliún breise ar fáil do Chlár na Béilí Scoile.
- Cuirfear €2.5 milliún ar fáil don Roinn Gnóthaí Leanaí agus Óige ar son an Tionscnaimh Bhochtaineacht Leanaí bunaithe i gceantracha áitiúla.

Cúramóirí

- ◆ Cúramóirí lánaimseartha a fhaigheann íocaíocht leasa sheachtainiúil eile, leanfaidh siad de leath an ráta Liúntas Cúramóra a fháil.
- ◆ Íocfar íocaíocht bhreise as cúram a thabhairt do bhreis is duine amháin, mar is gnáth.
- ◆ Íocfar €1,375 mar Dheontas Cúram Sosa gach bliain i gcás gach duine a fhaigheann cúram.

Daoine scothaosta

- ◆ Ní dhéanfar aon athrú ar rátaí an Phinsin Stáit do dhaoine scothaosta.

Pacáiste Sochar Teaghlaigh

- ◆ Laghdófar luach an Liúntais Fóin agus an Liúntais Leictreachais/Gháis sa Phacáiste Sochar Teaghlaigh.

Gheofar tuilleadh eolais ach glao a chur ar an Roinn Coimirce Sóisialaí ar

1890 66 22 44 (Glao Áitiúil) 9 am – 5 pm Luan go hAoine nó ar

Sheirbhís Fóin na Seirbhíse Eolais do Shaoránaigh ar 0761 07 4000 9 am - 9 pm Luan go hAoine

Glaoigh ar an Oifig Áitiúil Leasa Shóisialaigh nó ar an Ionad Eolais do Shaoránaigh is gaire duit

Gheofar eolas ar www.welfare.ie agus ar www.citizensinformation.ie, leis.

Nóta: Féach go bhféadfadh na rátaí a ghearrtar d'úsáid uimhreacha 1890 (Glao áitiúil) a bheith éagsúil i measc soláthraithe seirbhíse difriúla.

Níl sa Leathanach Eolais seo ach treoir; ní léirmhíniú dlíthiúil é.

BEARTA NUA CAITEACHAIS

*Caithfear €30 milliún eile ar chlár
fostaíochta agus ar leanaí*

Tionscnamh Leanaí Móide

- Aistrefar €14 milliún sa bhliain ón Roinn Coimirce Sóisialaí go dtí an Roinn Gnóthaí Leanaí agus Óige mar chistiú do chomhthionscnamh a sholáthróidh breis is 6,000 áit cúram linbh tar éis na scoile do leanaí bunscoile. Díreofar an soláthar seo ar theaghlaigh ar ioncam íseal mar a bhfuil na tuismitheoirí ag obair. Cuirfear tús leis an tionscnamh le treoirscéim go luath sa bhliain 2013.
- Cuirfear €2 mhilliún breise ar fáil do Chlár na Béalí Scoile. Féachtar sa chlár le bia folláin a sholáthar go rialta do leanaí faoi mhíbhuntáiste.
- Cuirfear €2.5 milliún ar fáil don Roinn Gnóthaí Leanaí agus Óige ar son an Tionscnaimh Bhochtaineacht Leanaí bunaithe i gceantair áitiúla.

Déanfar an tionscnamh a chomh-mhaoiniú leis an Roinn Gnóthaí Leanaí agus Óige agus le comhpháirtithe daonchairdiúla agus díreoidh sé ar réimsí ar leith: forbairt leanaí, míbhuntáiste oideachasúil, sláinte, folláine agus tuistiú.

Clár Fostaíochta 2013

- Cuirfear 2,500 áit nua ar fáil faoi JobBridge. Méadóidh sin líon na n-áiteanna JobBridge go 8,500.
- Cuirfear 2,500 áit bhreise ar fáil ar scéim Tús. Méadóidh sin líon na n-áiteanna Tús go 7,500.
- Cuirfear 2,000 áit bhreise ar fáil ar an scéim Fostaíocht Pobail.
- Cuirfear 3,000 áit bhreise ar fáil ar Scéim Fostaíocht Shóisialta na nÚdarás Áitiúil.

LAGHDUITHE AR CHAITEACHAS

Déanfar €390 milliún a spáráil.

Leanaí agus Teaghlaigh

- Ráta Sochar Linbh de €130 sa mhí a bheidh ann ó Eanáir 2013 i gcás an chéad, an dara agus an tríú linbh. (**Eanáir 2013**)
- Íocfar €140 de Shochar Linbh sa mhí i gcás an ceathrú linbh agus leanaí dá éis mar a fógraíodh i mBuiséad 2012. (**Eanáir 2013**)
- Ón mbliain dár gcionn íocfar €130 de Shochar Linbh i gcás an cheathrú linbh agus leanaí dá éis. (**Eanáir 2014**)
- Laghdófar an Liúntas Éadaí agus Bróg don Scoilbhliain Nua ó €250 go €200 i gcás leanaí atá 12 bhliain nó níos mó agus ó €150 go €100 i gcás leanaí atá idir 4 bliana agus 11 bhliain. (**2013**)

Cuardaitheoirí Poist

- Laghdófar tréimhse an tSochair Chuardaitheora Poist ó 12 mhí go 9 mí i gcás daoine a bhfuil 260 ranníocaíocht nó níos mó íoctha acu.
- Laghdófar tréimhse an tSochair Chuardaitheora Poist ó 9 mí go 6 mhí i gcás daoine a bhfuil níos lú ná 260 ranníocaíocht íoctha acu.

Tiocfaidh na hathruithe sin i bhfeidhm an 3 Aibreán 2013. Ní dhéanfaidh sin difear do dhaoine a bheidh ag fáil Sochar Cuardaitheora Poist ar feadh 6 mhí nó níos faide (nó ar feadh 3 mhí i gcás daoine a bhfuil níos lú ná 260 ranníocaíocht íoctha acu) ar an 3 Aibreán.

Pacáiste Sochar Teaghlaigh, Liúntas Breosla agus Saorthaisteal

- Ní dhéanfar aon athrú ar na scéimeanna seo a leanas: Liúntas Breosla, Saorthaisteal, Saorcheadúnas Teilifíse, Liúntas Cónaí Aonair. Fanfaidh luach na liúntas sin mar atá.
- Laghdófar luach an Liúntais Fóin. Taispeánfar ráta nua de €9.50 mar chreidmheas ar bhille an chustaiméara, nó íocfar é mar airgead tirim. (**Eanáir 2013**)

- Socrófar an Liúntas Leictreachais/Gáis ag ráta amháin bunaithe ar mheánráta na soláthraithe ar fad sa mhargadh (ar son 150 aonad sa mhí, mar a bhí riamh) Taispeánfar an ráta nua de €35 sa mhí mar chreidmheas ar bhille nó íocfar é mar airgead tirim. **(Eanáir 2013)**

Cúramóirí

- Cúramóirí lánaimseartha a fhaigheann íocaíocht leasa sheachtainiúil eile, leanfaidh siad de leath ráta an Liúntais Chúramóra a fháil.
- Íocfar €1,375 mar Dheontas Cúram Sosa gach bliain i gcás gach duine a fhaigheann cúram. **(2013)**
- Íocfar íocaíocht bhreise mar is gnáth as cúram a thabhairt do bhreis is duine amháin.

Íocaíochtaí Iomarcaíochta

- Cuirfear deireadh le haisíocaíocht an fhostóra i gcás íocaíochtaí reachtúla iomarcaíochta (aisíoctar 15% i láthair na huairé). **(Eanáir 2013)**

An Liúntas um Fhilleadh ar an Oideachas

- Cuirfear deireadh i gcás rannpháirtithe nua agus rannpháirtithe atá anois ann leis an Liúntas Chostas an Oideachais ar fiú €300 é. **(2013)**
- Beidh an ráta seachtainiúil a gheofar mar Liúntas um Fhilleadh ar an Oideachas cothrom leis an íocaíochta coimirce sóisialaí a bhí á fáil ag an duine roimhe sin. **(Eanáir 2013)**
- Íocfar €160 mar ráta caighdeánach leo siúd a fhaigheann an Liúntas um Fhilleadh ar an Oideachas agus a bhí ag fáil íocaíocht Cuardaitheora Poist laghdaithe bainteach le haois roimhe seo. **(Eanáir 2013)**

Cúnamh Feirme

- Ardófar ó 85% go 100% an ceatadán d'acmhainn ó fhéinfhostaíocht, lena n-áirítear feirmeoireacht, a áirítear i measúnuithe ar

acmhainn. Ní dhéanfar asbhaint ó ioncam i dtaca le leanaí a thuilleadh. **(Aibreán 2013)**

Athruithe ar ÁSPC

- Cuirfear deireadh le Liúntas Saor ó ÁSPC an Fhostaí (€127 sa tseachtain dóibh siúd a íocann Aicme A, E nó H d'ÁSPC agus €26 sa tseachtain dóibh siúd a íocann Aicme B, C, agus D d'ÁSPC). **(Eanáir 2013)**
- Ní bheidh aon dliteanas ÁSPC ar fhostaithe a thuilleann €352 sa tseachtain nó níos lú, mar ab amhlaidh riamh, agus ní dhéanfaidh cealú an Liúntais Sheachtainiúil saor ó ÁSPC difear dóibh.
- I láthair na huairé, fostaíthe a íocann ÁSPC ag aicme B, C nó D (mionlach den earnáil státseirbhíse agus seirbhíse poiblí), ní ghearrtar ÁSPC maidir le hioncam a thuilleann siad mar dhaoine féinfhostaithe (ó ghairm nó ó cheird) ná maidir le hioncam neamhthuillte (ioncam ó chíos). Cuirfear deireadh leis an díolúine sin agus gearrfar 4% d'ÁSPC ar gach ioncam dá shórt. **(2013)**
- Sa bhliain dár gcionn, cuirfear deireadh leis an díolúine ó ÁSPC a bhaineann le fostaíthe a bhfuil ioncam neamhthuillte amháin acu. **(2014)**
- Méadófar an ranníocaíocht ÁSPC íosta do dhaoine a bhfuil ioncam bliantúil ó fhéinfhostaíocht de bhreis is €5,000 acu ó €253 sa bhliain go €500 sa bhliain. **(2013)**

Bearta ilghnéitheacha

- Laghdófar an costas ar an Roinn maidir le teastais dochtúra i gcás scéimeanna breoiteachta agus scéimeanna míchumais. Spáráil riaracháin sa Roinn a bheidh i gceist anseo.
- Déanfar airgead a spáráil ar Íocaíochtaí i gCásanna Eisceachtúla.
- Tabharfar isteach bearta breise calaoise agus rialaithe mar aon le reachtaíocht chun gur féidir breis ró-íocaíochtaí leasa shóisialaigh a fháil ar ais.

Rátaí Leasa Shóisialaigh don bhliain 2013

Uasrátaí Seachtainiúla

Íocaíochtaí Árachais Shóisialta	Ráta Pearsanta		Méadú i leith Duine Fásta Cáilithe		Méadú i leith Linbh	Sochar Linbh			
	2012	2013	2012	2013	2012/2013	Ráta Míosúil 2012	Ráta Míosúil 2013	Ráta Bliantúil 2013	
	€	€	€	€	€	Líon na Leanaí	€	€	€
Pinsean Stáit (Ranníocach) (Athrú)									
- Faoi 80 bliain d'aois	230.30	230.30	153.50 *	153.50 *	29.80	Leanbh amháin	140	130	1,560
- 80 bliain d'aois agus le cois	240.30	240.30	206.30**	206.30**	29.80	2 leanbh	280	260	3,120
Pinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh						3 leanbh	428	390	4,680
Sochar Banchéile Tréigthe						4 leanbh	588	530	6,360
- Faoi 66 bliain d'aois	193.50	193.50			29.80	5 leanbh	748	670	8,040
- Idir 66 bliain d'aois agus 80	230.30	230.30			29.80	6 leanbh	908	810	9,720
- 80 bliain d'aois agus le cois	240.30	240.30			29.80	7 leanbh	1,068	950	11,400
Pinsean Easláine						8 leanbh	1,228	1,090	13,080
- Faoi 65 bliain d'aois	193.50	193.50	138.10 *	138.10 *	29.80				
- 65 bliain d'aois	230.30	230.30	206.30**	206.30**	29.80				
Sochar Cúramóra/Liúntas Siorfhreastail	205.00	205.00			29.80				
Sochar Míthreorach	219.00	219.00							
Sochar Cuardaitheora Poist/Sláinte agus Sábháilteachta/Díobhála	188.00	188.00	124.80	124.80	29.80				
							Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh (FIS)		
Sochar Báis							Teorainn Ioncaim Reatha	Teorainn Ioncaim 2013	
- Faoi 66 bliain d'aois	218.50	218.50			29.80	Méid an Teaghlaigh	€	€	
- Idir 66 bliain d'aois agus 80	234.70	234.70			29.80	Leanbh amháin	506	506	
- 80 bliain d'aois agus le cois	244.70	244.70			29.80	2 leanbh	602	602	
						3 leanbh	703	703	
Íocaíochtaí Cúnaimh Shóisialta						4 leanbh	824	824	
Pinsean Stáit (Neamhranníocach)						5 leanbh	950	950	
- Idir 66 bliain d'aois agus 80	219.00	219.00	144.70	144.70	29.80	6 leanbh	1,066	1,066	
- 80 bliain d'aois agus le cois	229.00	229.00			29.80	7 leanbh	1,202	1,202	
Liúntas Cúramóra						8 leanbh	1,298	1,298	
- Faoi 66 bliain d'aois	204.00	204.00			29.80	nó le cois			
- 66 bliain d'aois agus le cois	239.00	239.00			29.80				
Pinsean na nDall	188.00	188.00	124.80	124.80	29.80				
Pinsean Neamhranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamhranníocach)	188.00	188.00							
Liúntas Banchéile Tréigthe	188.00	188.00							
Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	188.00	188.00			29.80				
Liúntas Réamhscoir/Míchumais	188.00	188.00	124.80	124.80	29.80				
Liúntas Leasa Forlíontach	186.00	186.00	124.80	124.80	29.80				
Liúntas Cuardaitheora Poist	188.00	188.00	124.80	124.80	29.80				
Cúnamh Feirme	188.00	188.00	124.80	124.80	29.80				
Liúntais Eile Leasa Shóisialaigh									
Sochar Máithreachais/Uchtála Íosráta - Ráta Uasta	262.00	262.00							
Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach)(Neamhranníocach)	161.00	161.00							

* dóibh siúd atá faoi bhun 66 bliain

**dóibh siúd atá 66 bliain d'aois nó le cois

Fanfaidh an íocaíocht FIS faoi mar a bhí is é sin, bunaithe ar 60% den ghannchion idir glanioncam seachtainiúil an teaghlaigh agus an tairseach teaghlaigh is infheidhme.